Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14417/25**

**AVIATION 143**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109579 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109579.

---

Faoi iamh: D(2025) 109579

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D109579/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002[1], agus go háirithe Airteagal 11(2), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 18/2010 ón gCoimisiún[2], cuireadh Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna le haghaidh chláir náisiúnta um rialú cáilíochta na mBallstát i réimse na slándála eitlíochta sibhialta.

(2) I bhfianaise éabhlóid leanúnach na gcaighdeán, na gcleachtas, na modheolaíochtaí agus na n-uirlisí idirnáisiúnta maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha slándála eitlíochta sibhialta ó glacadh Iarscríbhinn II, tá sé tábhachtach na sonraíochtaí atá ann cheana le haghaidh na gclár náisiúnta um rialú cáilíochta a leasú agus iad a thabhairt cothrom le dáta dá réir.

(3) Go háirithe, cuireadh le hIarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta an 7 Nollaig 1944 dhá chaighdeán nua lena gceanglaítear ar Stáit Chonarthacha a áirithiú go sainítear ina gcláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta próisis chun faisnéis a thuairisciú a bhaineann le teagmhais cur isteach neamhdhleathaigh agus gníomhartha ullmhúcháin a ghabhann leo (caighdeán 5.1.6), chomh maith le córas tuairiscithe rúnda chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis slándála arna soláthar ag foinsí amhail paisinéirí, criú agus pearsanra talún (caighdeán 3.5.1 (d)).

(4) I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, le clár náisiúnta um rialú cáilíochta an Bhallstáit beifear in ann easnaimh a bhrath agus a cheartú go tapa. Chun an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla, ba cheart caighdeáin nua ICAO dá dtagraítear in aithris (3) a léiriú sna cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta.

---

[1] IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj

[2] Rialachán (AE) Uimh. 18/2010 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta (IO L 7, 12.1.2010, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/18(1)/oj).

(5) Go háirithe, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas, chun an tuairisciú a dhéanann oibreoirí agus eintitis atá freagrach as cur chun feidhme an chláir náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta a shimpliú agus chun tacú le comhlíonadh na gcaighdeán ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn 17 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ba cheart go mbunófaí creat comhchoiteann chun sonraí ó tharluithe a bhaineann le slándáil eitlíochta a bhailiú, a chomhroinnt agus a anailísiú, agus ar an gcaoi sin teacht in ionad na timpeallachta rialála ilroinnte atá ann faoi láthair ar an leibhéal náisiúnta.

(6) Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tsásra tuairiscithe a áirithiú, ba cheart go gceanglófaí leis an gcreat comhchoiteann ar oibreoirí agus ar eintitis atá freagrach as cur chun feidhme an chláir náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta faisnéis faoi theagmhais slándála eitlíochta, faoi ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh agus faoi ghníomhartha ullmhúcháin ina leith a thuairisciú do na húdaráis ábhartha laistigh de sprioc-amanna a leagtar síos, ag brath ar a thromchúisí agus a láithrí atá an tionchar ar an tslándáil eitlíochta, agus ba cheart dóibh córas tuairiscithe inmheánach a chur ar bun a bheidh le húsáid ag a bpearsanra uile. Agus a gcórais tuairiscithe inmheánacha á mbunú acu, ba cheart d'oibreoirí agus d'eintitis daoine nó eintitis fhreagracha a ainmniú, comhsheasmhacht sonraí a fheabhsú, daoine atá ainmnithe chun cúraimí tuairiscithe a dhéanamh a earcú agus oiliúint a chur orthu, foirmeacha tuairiscithe a chaighdeánú agus aicmiú coiteann a úsáid.

(7) Na hoibleagáidí maidir le tuairisciú faisnéise ar tharluithe slándála, ar theagmhais slándála agus ar ghníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh a bhaineann le slándáil eitlíochta agus ar ghníomhartha ullmhúcháin ina leith a bhunaítear sa Rialachán seo, tá siad gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann faoi láthair maidir le tarluithe slándála eitlíochta áirithe a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht eitlíochta a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus lena rialacha cur chun feidhme. Leasófar na rialacha cur chun feidhme sin chun forálacha an Rialacháin seo a chur san áireamh.

(8) Chun an leibhéal rúndachta is gá a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis atá sna tuarascálacha a chosaint le linn a próiseála agus a stórála, agus níor cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha eile seachas an tslándáil eitlíochta. Ba cheart rúndacht chéannacht an tuairisceora agus na ndaoine a luaitear sa tuarascáil a choimirciú, faoi réir na gceanglas maidir le himeachtaí coiriúla, araíonachta nó riaracháin faoin dlí náisiúnta.

(9) Chun tapúlacht a áirithiú maidir le haon tionscnamh is gá ón gCoimisiún, ó Bhallstáit eile, ó údaráis náisiúnta eile lena n-áirítear údaráis sábháilteachta eitlíochta, ón tionscal agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta, ba cheart nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú chun faisnéis ábhartha atá sna tuarascálacha agus faisnéis maidir le bearta leantacha a roinnt, de réir mar is iomchuí.

(10) Chun forléargas éifeachtach ar tharluithe agus ar theagmhais slándála eitlíochta san Aontas a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh staidreamh maidir leis na tuarascálacha a fuarthas agus maidir leis an anailís a dhéantar orthu.

---

3 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj).

(11) Ba cheart tarluithe slándála eitlíochta a thuairisciú ar bhealach comhchuibhithe trí theimpléad caighdeánaithe chun an fhaisnéis sin a thuairisciú. Tá an teimpléad sin bunaithe ar an ábhar treorach atá ann cheana a d'fhorbair an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus a chuirtear ar fáil sa tuarscáil 'Tuairisciú ar Tharluithe agus Teagmhais Slándála Eitlíochta' a foilsíodh i mí an Mheithimh 2022.

(12) Thairis sin, léirigh an taithí a fuarthas le cur chun feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) 300/2008, chomh maith le héabhlóid na modheolaíochta domhanda um fhaireachán ar chomhlíonadh agus na téarmaíochta earnála, go bhfuil gá le mionleasuithe ar na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh cláir náisiúnta um rialú cáilíochta i réimse na slándála eitlíochta sibhialta. Baineann na leasuithe sin le sainmhínithe áirithe (amhail bearta slándála) agus le feabhsuithe ar na forálacha atá ann cheana (amhail minicíocht a leagan síos i ndáil le cigireacht a dhéanamh ar aerfoirt).

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a leasú dá réir sin, Ós rud é go meastar go ndéanann líon agus méid na leasuithe atá á dtabhairt isteach modhnú suntasach ar Iarscríbhinn II atá ann cheana a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, is iomchuí Iarscríbhinn nua a chur in ionad na hIarscríbhinne sin.

(14) Tá gá le tréimhse ullmhúcháin leordhóthanach chun an sásra agus an próiseas a bhunú d'fhonn faisnéis maidir le teagmhais slándála eitlíochta, gníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh agus gníomhartha ullmhúcháin a thuairisciú, a aicmiú, a phróiseáil, a stóráil, a chosaint, a anailísiú agus a chomhiomlánú. Dá bhrí sin, ba cheart moill a chur ar chur i bhfeidhm roinnt de na forálacha gaolmhara a leagtar síos san Iarscríbhinn chun an t-am is gá a thabhairt do na Ballstáit comhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil na gceanglas a áirithiú.

(15) Chuathas i gcomhairle le Grúpa Comhairleach na nGeallsealbhóirí a bunaíodh le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus bhí dlúthbhaint aige le forbairt na gceanglas nua maidir le tuairisciú ar tharluithe slándála eitlíochta.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*